# Rialacha Máithreánaigh Ollscoil na hÉireann

2021 agus 2022

Ollscoil na hÉireann
National University of Ireland

**Ollscoil na hÉireann**
National University of Ireland

## NATIONAL UNIVERSITY OF IRELAND

49 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2
T: (+353 1) 439 2424;
F: (+353 1) 439 2466
registrar@nui.ie
www.nui.ie

National University of Ireland

@NUIMerrionSq

## NA COMH-OLLSCOILEANNA – *NUI Constituent Universities*

**An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath**
*University College Dublin*
Fón: (+353 1) 716 71608
Gréasán: www.ucd.ie
R-phost: admissions@ucd.ie

**Coláiste na hOllscoile, Corcaigh**
*University College Cork*
Fón: (+353 21) 490 3000/427 6871
Gréasán: www.ucc.ie

**Ollscoil na hÉireann, Gaillimh**
*National University of Ireland, Galway*
Fón: (+353 91) 524 411
Gréasán: www.oegaillimh.ie

**Ollscoil Mhá Nuad**
*Maynooth University*
Fón: (+353 1) 708 6000
Gréasán: www.maynoothuniversity.ie

## BAILL EILE d'OLLSCOIL NA hÉIREANN – *Other NUI Member Institutions*

### NA COLÁISTÍ AITHEANTA – *Recognised Colleges*

**An Foras Riaracháin**
*Institute of Public Administration*
Fón: (+353 1) 240 3600
Gréasán: www.ipa.ie

**Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn**
*Royal College of Surgeons in Ireland*
Fón: (+353 1) 402 2100
Gréasán: www.rcsi.ie

### COLÁISTÍ CEANGAILTE LEIS NA COMH-OLLSCOILEANNA – *Colleges Linked With Constituent Universities*

**Coláiste Ósta na Sionnaine**
*Shannon College of Hotel Management*
*anois in a Scoil sa Choláiste Gnó, Polasaí Poiblí, agus Dlí in OÉ Gaillimh*
Fón: (+353 61) 712 210
Gréasán: www.shannoncollege.com

**Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha**
*National College of Art and Design, Dublin*
Fón: (+353 1) 636 4200
Gréasán: www.ncad.ie

**Coláiste San Aingeal, Sligeach**
*St. Angela's College, Sligo*
Fón: (+353 71) 914 3580
Gréasán: www.stangelas.nuigalway.ie

**Coláiste Ealaíne Bhoirne**
*Burren College of Art*
Fón: (+353 65) 707 7200
Gréasán: www.burrencollege.ie

**An Institiúid Baincéireachta**
*Institute of Banking*
Fón: (+353 1) 611 6500
Gréasán: www.iob.ie

# Rialacha Máithreánaigh Íosriachtanais Iontrála Acadúla

2021 agus 2022

**Ollscoil na hÉireann**
National University of Ireland

# Clár na nÁbhar


| | | |
|---|---|---|
| 1. | Ollscoil na hÉireann (OÉ/NUI) | 3 |
| 2. | Dámha/Coláistí na gComh-Ollscoileanna, na gColáistí Aitheanta agus na gColáistí ceangailte leis na gComh-Ollscoileanna | 6 |
| 3. | Scrúduithe agus ábhair a nglactar leo do chúiseanna clárúcháin máithreánaigh | 8 |
| 4. | Riachtanais máithreánaigh Dáimhe/Choláiste (Riachtanais iontrála íosta) | 11 |
| 5. | Riachtanas na Gaeilge | 15 |
| 6. | Riachtanas na Tríú Teanga | 19 |
| 7. | Riachtanas an Bhéarla áit nach é an Béarla an Chéad Teanga | 22 |
| 8. | Máithreánach d'iarrthóirí faoi lagú éisteachta | 25 |
| 9. | Máithreánach ar Bhlianta Aibí | 25 |
| 10. | Máithreánach ar chríochnú Chúrsa Rochtana OÉ | 26 |
| 11. | Máithreánach do shealbhóirí cháilíochtaí Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) | 26 |
| 12. | Eolas don Lár-Oifig Iontrála (CAO) | 27 |
| 13. | Aguisín 1: Cáilíochtaí Eorpacha agus Idirnáisiúnta a ghlactar don Máithreánach | 28 |
| 14. | Aguisín 2: Eolas ar Riachtanais Mháithreacháin OÉ do shealbhóirí cáilíochtaí an Aontais Eorpaigh agus an Dioplóma idirnáisiúnta | 45 |

# 1. Ollscoil na hÉireann
## *National University of Ireland*

Bunaíodh Ollscoil na hÉireann faoi Acht Ollscoileanna na hÉireann, 1908. Athstructúradh í faoi Acht na nOllscoileanna, 1997, agus anois tá ceithre Chomh-Ollscoil inti, maraon le dhá Coláistí Aitheanta agus Coláistí áirithe eile atá ceangailte leis na Comh-Ollscoileanna.

### 1.1 Comh-Ollscoileanna OÉ

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Ollscoil Mhá Nuad

### 1.2 Coláistí Aitheanta OÉ

An Foras Riaracháin

Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn

### 1.3 Coláistí Ceangailte Leis Na Comh-Ollscoileanna

Coláiste Ealaíne Bhoirne

An Institiúid Baincéireachta

Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha

Coláiste San Aingeal, Sligeach

Coláiste Ósta na Sionainne

### 1.4 Aois ag Iontráil i gComh-Ollscoil, Coláiste Aitheanta nó Coláiste ceangailte le Comh-Ollscoil

De ghnáth caithfidh aois a seacht mbliana déag a bheith sroichte ag mic léinn faoin 15 Eanáir i ndiaidh dul isteach i gComh-Ollscoil, Coláiste Aitheanta nó Coláiste ceangailte le Comh-Ollscoil de chuid na hOllscoile dóibh. Nuair atá iarrthóir faoin aois sin ag iarraidh dul isteach i Institiúid de chuid Ollscoil na hÉireann, caithfear iarratas ar leith a dhéanamh d’Uachtarán/Stiúrthóir na hinstitiúide atá i gceist.

## 1.5 Srian ar Iontráil do Dhámha

Ó tharla go bhfuil cead isteach iomaíoch ann do thromlach na nDámh sna Comh-Ollscoileanna, Coláistí Aitheanta nó Coláistí ceangailte leis na Comh Ollscoileanna, ba chóir d'iarrthóirí cóip de na riachtanais agus gnásanna iontrála a fháil ó Chláraitheoir an Choláiste atá i gceist.

Ní hionann riachtanais íosta do Mháithreánach a chomhlíonadh agus a chinntiú go nglacfar go huathoibreach le mic léinn in aon Chomh-Ollscoil nó Coláiste de chuid OÉ.

**Nóta:** *Tá na dámha a ndéantar tagairt dóibh sa leabhrán seo, maidir le riachtanais máithreánaigh, faoi mar a luaitear i Reachtaíocht OÉ iad. Le himeacht ama, mar thoradh ar athruithe struchtúrtha sna Comhollscoileanna, bhí tionchar chomh mór sin ar riachtanais máithreánaigh go moltar do mhic léinn suíomhanna gréasáin na n-institiúidí aonair a bhaineann le riachtanais máithreánaigh d'eolas mionsonraithe. Seo liosta díobh:*

**An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath**
http://www.ucd.ie/registry/admissions/elr.html

**Coláiste na hOllscoile, Corcaigh**
https://www.ucc.ie/en/study/undergrad/

**Ollscoil na hÉireann, Gaillimh**
http://www.nuigalway.ie/courses/undergraduate-courses

**Coláiste Ósta na Sionainne**
http://www.shannoncollege.com/international-students/courses/

**Ollscoil Mhá Nuad**
https://www.maynoothuniversity.ie/study-maynooth/undergraduate-studies

**Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn**
https://www.rcsi.com/dublin/undergraduate/application-inform

**An Foras Riaracháin**
https://www.ipa.ie/courses/undergraduate.453.html

**Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha**
http://www.ncad.ie/undergraduate

**Coláiste San Aingeal, Sligeach**
http://www.stangelas.nuigalway.ie/departments/index_per_dept.php?dept=Programmes

**Coláiste Ealaíne Bhoirne**
https://www.burrencollege.ie/programme

**An Institiúid Baincéireachta**
https://www.iob.ie/programmes

# 2. Dámha/Coláistí na gComh-Ollscoileanna, na gColáistí Aitheanta nó na gColáistí Ceangailte leis na gComh-Ollscoileanna agus Cúrsaí lena mbaineann na Rialacháin

## 2.1 An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

Coláistí: Ealaíona & Daonnachtaí; Gnó; Innealtóireacht & Ailtireacht; Eolaíochtaí Sláinte agus Talmhaíochta; Eolaíocht; Eolaíochtaí Sóisialta agus Dlí.

## 2.2 Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

Coláistí: Ealaíona, Léann Ceilteach & Eolaíochtaí Sóisialta; Gnó & Dlí; Leigheas & Sláinte; Eolaíocht, Innealtóireachta & Eolaíocht Bhia.

## 2.3 Ollscoil Na hÉireann, Gaillimh

Lena n-áirítear Coláiste Ósta na Sionainne

Coláistí: Ealaíona, Eolaíocht Sóisialta & Léann Ceilteach; Gnó, Beartas Poiblí & Dlí; Innealtóireacht & Faisnéisíocht; Leigheas, Altranas & Eolaíochtaí Sláinte; Eolaíocht.

## 2.4 Ollscoil Mhá Nuad

Dámha: Ealaíona, Léann Ceilteach & Fealsúnacht; Eolaíochtaí Sóisialta; Eolaíocht & Innealtóireacht.

## 2.5 Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn

Cúrsa fochéime sa Mhíochaine, Cógaisíocht, agus Fisiteiripe, agus cúrsaí iarchéime gaolmhara sna hEolaíochtaí Sláinte.

## 2.6 An Foras Riaracháin

Cúrsaí fochéime agus iarchéime i nDámha na nEalaíon agus Tráchtála.

## 2.7 An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha

Cúrsaí bunchéime agus iarchéime sa Dearadh, Oideachas, Mínealaíon, agus Cultúr Físe.

## 2.8 Coláiste San Aingeal, Sligeach

Cúrsaí fochéime agus iarchéime sna Ranna Altranais, Eolaíochtaí Sláinte agus Staidéar Míchumais; Oideachais; agus Eacnamaíocht Bhaile.

## 2.9 An Institiúid Baincéireachta

Cúrsaí sa bhaincéireacht agus airgeadas idirnáisiúnta.

# 3. Scrúduithe agus Ábhair a nGlactar leo do Chúiseanna Clárúcháin Máithreánaigh

Is féidir le mic léinn riachtanais chlárúcháin máithreánaigh a shásamh mar seo a leanas:

## 3.1 Ar thorthaí scrúdú na hArdteistiméireachta:

Glacfar le gach ábhar i Scrúdú na hArdteistiméireachta reatha do chúiseanna Clárúcháin Máithreánaigh ach tá na heisceachtaí agus na srianta seo a leanas i bhfeidhm:

(i) Ní ghlacfar le Gaeilge – Bonnleibhéal do chúiseanna Clárúcháin Máithreánaigh

(ii) Glacfar le Matamaitic (Gnáthleibhéal Malartach; Bonnleibhéal) do chúiseanna Clárúcháin Máithreánaigh, ach ní mar mhalairt don ábhar Matamaitic i ndámha nó cúrsaí ina bhfuil an t-ábhar Matamaitic mar riachtanas iontrála faoi láthair

(iii) Ní cáilíocht inghlactha í an Ardteistiméireacht Fheidhmeach (LCVP) do chúiseanna máithreánaigh. (Féadfar Gairmchlár na hArdteistiméireachta a chur san áireamh mar ábhar do phointí – tuilleadh eolais ar fáil ó Oifigí Iontrála na gComh-Ollscoileanna, na gColáistí Aitheanta agus na gColáistí Gaolmhara eile).

### Torthaí Ardteistméireachta a chumasc do chúiseanna Máithreánaigh

Is féidir le hiarrthóir torthaí scrúduithe Ardteistiméireachta a fuarthas i mblianta éagsúla a chnuasach do chúiseanna Clárúcháin Máithreánaigh. (Baineann an lamháltas seo le Clárúchán Máithreánaigh amháin; ní gá go mbainfeadh sé le riachtanais iontrála na gComh-Ollscoileanna, na gColáistí Aitheanta nó na gColáistí ceangailte leis na gComh-Ollscoileanna.)

**Ach go háirithe, ba chóir a thabhairt faoi deara go gcaithfidh na mic léinn siúd atá ag iarraidh dul isteach sa Leigheas na bunriachtanais iontrála (Máithreánach) agus na híosriachtanais iontrála chúrsa a bhaint amach sa suí céanna den Ardteistiméireacht.**

Teaglaim d'ábhair nach bhfuil ceadaithe

- Ní féidir an t-ábhar Fisic agus Ceimic a thairiscint in éineacht le Fisic nó le Ceimic.
- Ní féidir ach dhá ceann de na hábhair seo a leanas a thairiscint: Stair, Stair Eacnamaíoch (nach raibh ar fáil i ndiaidh na bliana 2005), Eacnamaíocht.
- Ní féidir Eacnamaíocht Talmhaíochta a thairiscint le hEacnamaíocht.
- Ní féidir Léann Clasaiceach a thairiscint le Laidin nó Gréigis.

## 3.2 Ar thorthaí scrúduithe GCE agus GCSE

Is féidir le hiarrthóir torthaí scrúduithe GCE/GCSE a fuarthas i mblianta éagsúla a chnuasach do chúiseanna Clárúcháin Máithreánaigh. (Baineann an lamháltas seo le Clárúchán Máithreánaigh amháin; ní gá go mbainfeadh sé le riachtanais iontrála na gComh-Ollscoileanna, na gColáistí Aitheanta nó na gColáistí ceangailte leis na gComh-Ollscoileanna.)

**Ach go háirithe, ba chóir a thabhairt faoi deara go gcaithfidh na mic léinn siúd atá ag iarraidh dul isteach sa Leigheas na bunriachtanais iontrála a bhaint amach sa sraith céanna des na scrúdúcháin.**

### Glacadh le hábhair GCE agus GCSE do chúiseanna Clárúcháin Mháithreánaigh

Tá na hábhair GCSE uile inghlactha do chúiseanna máithreánaigh. Tá srianta áirithe i bhfeidhm, áfach, maidir le teaglaim d'ábhair GCE agus GCSE agus ní ghlactar leis na hábhair GCE uile do chúiseanna máithreánaigh. Chun tuilleadh eolais a fháil, chomh maith le liosta na n-ábhar GCE atá inghlactha do mháithreánach, féach ar www.nui.ie/college. Más mina le mac léinn ionchasach nó scoil go ndéanfaí ábhar a mheas d'athbhreithniú agus faomhadh, ba chóir dóibh dul i dteagmháil le OÉ le sonraí faoin ábhar. Tabhair faoi deara gur próiseas fada é seo, mar sin ba chóir do mhic léinn tús a chur leis an bpróiseas 12 mhí ar a laghad rooimh an iarratais.

## 3.3 Ar thorthaí scrúduithe eile

Tá liosta de cháilíochtaí Eorpacha agus idirnáisiúnta a nglactar leo do chúiseanna Máithreánaigh san Aguisíní. Más mian le mic léinn Clárúchán Máithreánaigh a dhéanamh ar bhonn thorthaí na scrúduithe seo ba chóir dóibh féachaint ar na riachtanais iontrála d'iarratais AE/ CSTE sa roinn a bhaineann le hAcmhainní Mic Léinn ag www.cao.ie. Ba chóir fiosruithe a chur chuig Oifig Iontrála na Comh-Ollscoile, Coláiste Aitheanta nó Coláiste ceangailte le Comh-Ollscoil ar mian leo dul isteach ann. Caithfidh na hábhair ina bhfuil pas faighte agus na caighdeáin a sroicheadh a bheidh faoi réir riachtanais iontrála an chúrsa. Ba chóir do shealbhóirí cháilíochtaí eile nach bhfuil ar an liosta dul i dteagmháil freisin leis an Oifig Iontrála den institiúid OÉ ar mian leo dul isteach ann. Féach freisin Roinn 5.4 maidir leis an Dioplóma Idirnáisiúnta Baccalaureate, Baccalauréat na Fraince agus riachtanas na Gaeilge.

**Nóta:** *Ní féidir torthaí na scrúduithe Ardteistiméireachta agus GCE agus GCSE a chur le chéile do chúiseanna Clárúcháin Máithreánaigh, ach amháin sna cúinsí a leagtar síos i roinn 6.3. I gcúinsí áirithe, is féidir le hiarrthóirí torthaí an Teastais Shóisearaigh le scrúduithe GCE/GCSE do chúiseanna máithreánaigh. Ba chóir d'iarrthóirí atá ag iarraidh é seo a dhéanamh dul i dteagmháil le OÉ ar an gcéad dul síos.*

# 4. Riachtanais Máithreánaigh Dáimhe/ Coláiste (Riachtanais Íosta Iontrála)

**Nóta:** Sa liosta thíos tugtar achoimre an-ghinearálta ar na riachtanais iontrála dáimhe/coláiste i gComhollscoileanna, Coláistí Aitheanta agus Coláistí Ceangailte OÉ agus níor chóir é a úsáid ach mar threoir ghinearálta. Tá difríochtaí suntasacha le cur san áireamh i dtaca le riachtanas na Tríú Teanga agus freisin an riachtanas d'ábhar Eolaíochta Saotharlainne. I gcoitinne, níl Tríú Teanga de dhíth do chláir san Eolaíocht nó san Innealtóireacht ach tá sí de dhíth d'fhormhór na gclár eile. Mar sin féin, tá roinnt eisceachtaí ann. Ar an gcaoi chéanna, féadfar a fheiceáil go bhfuil roinnt eisceachtaí ann i dtaca leis an riachtanas d'ábhar Eolaíochta Saotharlainne, le roinnt ionaduithe ceadaithe. Le haghaidh eolais níos mionsonraithe agus riachtanais a bhaineann le hábhair ar leith, ba chóir do scoláirí féachaint ar shuíomhanna gréasáin na n-institiúidí aonair maidir le riachtanais iontrála. Tugtar liosta díobh sin ar lch. 4.

## 4.1 Dámh/Coláiste:

- ***Ealaíona***
- ***Eolaíochtaí Daonna***
- ***Fealsúnacht***
- ***Léann Ceilteach***
- ***Dlí***
- ***Eolaíocht Shóisialta***

(i) Gaeilge

(ii) Béarla

(iii) Tríú Teanga atá inghlactha do chúiseanna Clárúcháin Mháithreánaigh

(iv), (v), agus (vi) Aon trí ábhar a atá inghlactha do chúiseanna Máithreánaigh nach bhfuil roghnaithe cheana

- ***Tráchtáil***

  (i) Gaeilge

  (ii) Béarla

  (iii) Matamaitic

  (iv) Tríú Teanga atá inghlactha do chúiseanna Clárúcháin Máithreánaigh

  (v) agus (vi) Aon dá ábhar atá inghlactha do chúiseanna Máithreánaigh nach bhfuil roghnaithe cheana

- ***Talmhaíocht***
- ***Ailtireacht (Coláiste na hOllscoile Corcaigh)***
- ***Innealtóireacht***
- ***Eolaíocht agus Teicneolaíocht an Bhia***
- ***Altranas***
- ***Eolaíocht***

  (i) Gaeilge

  (ii) Béarla

  (iii) Matamaitic

  (iv) Ábhar Eolaíochta Saotharlainne* nó i gcásanna áirithe, ábhar ón réimse leathan ábhar eolaíochtaí**

  (v) agus (vi) Aon dá ábhar atá inghlactha do chúiseanna Máithreánaigh nach bhfuil roghnaithe cheana

- *Ailtireacht (An Coláiste Ollscoile, BÁC)*
- *Míochaine (lena n-áirítear Fiaclóireacht)*
- *Tréidliacht*

  (i) Gaeilge

  (ii) Béarla

  (iii) Matamaitic

  (iv) Tríú Teanga atá inghlactha do chúiseanna Clárúcháin Máithreánaigh

  (v) Ábhar Eolaíochta Saotharlainne*

  (vi) Ábhar ar bith eile atá inghlactha do chúiseanna Máithreánaigh nach bhfuil roghnaithe cheana

* Is iad seo a leanas na hábhair Eolaíochta Saotharlainne: Ceimic, Fisic, Bitheolaíocht, Fisic le Ceimic, Eolaíocht Talmhaíochta.

** Do roinnt clár san Eolaíocht agus/nó Innealtóireacht, glactar leis an Matamaitic Fheidhmeach, Tíreolaíocht, Teicneolaíocht in áit ábhair Eolaíochta Saotharlainne. Seiceáil leis an ollscoil ábhartha, le do thoil.

- Is féidir le mic léinn ó thíortha lasmuigh den Aontas Eorpach atá ag tairiscint torthaí ar scrúduithe seachas iad siúd de chuid an Aontais Eorpaigh dhá ábhar aitheanta a chur in áit (a) Gaeilge agus (b) an teanga seachas Béarla. (**Moltar do mhic léinn leabhráin eolais iontrála na gComh-Ollscoileanna, na gColáistí Aitheanta nó na gColáistí ceangailte leis na Comh-Ollscoileanna a léamh do mhionsonraí maidir le riachtanais ar leith d'ábhair/cúrsaí ar leith)**.

## 4.2 Caighdeán riachtanach

### (i) Scrúdú na hArdteistiméireachta ó 2017 amach

Caithfidh iarrthóirí pas a fháil i sé ábhar ar a laghad roghnaithe de réir riachtanais an choláiste/na dáimhe, le Grád H5 ar a laghad in dhá ábhar ar an Ardleibhéal agus Grád H7 (Ardleibhéal) nó O6 (Gnáthleibhéal) ar a laghad i gceithre ábhar.

### (ii) Scrúdú na hArdteistiméireachta a rinneadh roimh 2017

Caithfidh iarrthóirí pas a bheith faighte acu i sé ábhar ar a laghad roghnaithe de réir riachtanais an choláiste/na dáimhe, le Grád D1 ar a laghad in dhá ábhar ar an Ardleibhéal agus, ar a laghad Grád E (Ardleibhéal) nó Grád D3 (Gnáthleibhéal) i gceithre ábhar.

## 4.3 Caighdeán riachtanach do cháilíochtaí seachas an Ardteistiméireacht

### (i) Scrúduithe GCE/GCSE

Caithfidh iarrthóirí pas a fháil i sé ábhar ar a laghad, faoi réir riachtanais an Choláiste/na Dáimhe agus iad seo a leanas a fháil:

- GCE Ardleibhéal

  Grád C ar a laghad in dhá ábhar aitheanta (Glactar le Grád A le Grád D nó Grád E, nó Grád B le Grád D mar chomhionainn le dhá Grád C).

- GCE Leibhéal AS/GCSE Leibhéal

  Leibhéal Grád C ar a laghad i gceithre ábhar aitheanta eile (Glactar le Gráid Ardleibhéil GCE A go D, E nó O mar ghrádanna Pas GCSE O Leibhéal).

### (ii) Scrúduithe Eile

Caithfidh na hábhair ina bhfaightear pas agus an caighdeán a bhaintear amach a bheith faoi réir na riachtanais Dáimhe/Choláiste a leagtar síos thuas. (Féach Aguisíní do liosta na gcáilíochtaí Eorpacha agus Idirnáisiúnta atá inghlactha do chúiseanna Máithreánaigh). Tá tuilleadh eolais ar na grádanna atá de dhíth chun riachtanais an Mháithreánaigh a shásamh ar fáil ó na hOifigí Iontrála. Le haghaidh tuilleadh eolais, féach an Treoir maidir le Riachtanais IOntrála d'iarratais AE/CSTE ar an roinn maidir le hAcmhainní Mac Léinn ar www.cao.ie.

Féach freisin Roinn 5.4 maidir le Cáilíochtaí Idirnáisiúnta agus riachtanas na Gaeilge.

# 5. Riachtanas - Gaeilge

## 5.1 An bunriachtanas maidir leis an nGaeilge

Ní mór d'iarrthóirí a rugadh i bPoblacht na hÉireann (26 contae) pas a fháil sa Ghaeilge, ach amháin má tá díolúine acu. Tá an riachtanas seo i bhfeidhm, bíodh an Ardteistiméireacht á cur i láthair ag an iarrthóir, nó scrúdú eile do Mháithreánach.

## 5.2 Díolúine ón nGaeilge d'iarrthóirí a oileadh laistigh de Phoblacht na hÉireann

Tá díolúine ón nGaeilge sa ghnáthchúrsa ag iarrthóirí a rugadh agus a fuair oiliúint iomlán lasmuigh de Phoblacht na hÉireann (26 contae) a bhfuil cáilíochtaí seachas an Ardteistiméireacht á gcur i láthair acu do mháithreánach agus ní gá dóibh iarratas a chur faoi bhráid OÉ.

## 5.3 Díolúint ón nGaeilge d'iarrthóirí a oileadh lasmuigh de Phoblacht na hÉireann.

### (i) Iarrthóirí a rugadh lasmuigh de Phoblacht na hÉireann (26 contae)

Ní mór d'iarrthóirí a rugadh lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, agus a bhfuil oideachas á chur orthu laistigh de Phoblacht na hÉireann, Ranna A agus B den Fhoirm Iarratais ar Dhíolúine a líonadh isteach agus í seo a chur chuig OÉ in éineacht le cóip dá dteastas breithe.

### (ii) Iarrthóirí a rugadh i bPoblacht na hÉireann (26 contae)

- a fuair bunoideachas suas le haois dhá bhliain déag lasmuigh de Phoblacht na hÉireann (26 contae); nó
- a chónaigh lasmuigh de Phoblacht na hÉireann (26 contae) ar feadh trí bliana ar a laghad dá n-iarbhunoideachas; nó a chaith, le linn a gcuid oideachais bunscoile agus iarbhunscoile le chéile, trí bliana ar a laghad as a chéile lasmuigh de Phoblacht na hÉireann (26 contae). Ní mór dóibh seo Roinn A den Fhoirm Iarratais ar Dhíolúine a líonadh isteach, Roinn C den Fhoirm a fháil sínithe ag Príomhoide/Ceann na Scoile agus an fhoirm chomhlánaithe a chur chuig OÉ.

### (iii) Iarrthóirí a fhaigheann díolúine ón Roinn Oideachais ó staidéar na Gaeilge faoi fhorálacha

(a) Imlitir M10/94 ón Roinn Oideachais agus Scileanna – 1(c)(i) nó

(b) Imlitir 0053/2019

Caithfidh aon iarrthóir, a fhaigheann díolúine ó staidéar na Gaeilge ar scoil faoi cheachtar de na himlitreacha seo agus a bhfuil sé ar intinn acu áit a lorg i gComh-Ollscoil, i gColáiste Aitheanta nó i gColáiste ceangailte le gComh-Ollscoil, na nithe seo a leanas a sheoladh chuig OÉ:

- Foirm Iarratais ar Dhíolúine chomhlánaithe (líon isteach Roinn A agus faigh Roinn D líonta agus sínithe ag Príomhoide/Ceann do scoile) chomh maith le
- cóip de Theastas Díolúine na Roinne Oideachais agus Scileanna, sínithe ag Príomhoide/Ceann na Scoile inar eisíodh an teastas agus
- tuairisc chuí an tsiceolaithe gairme (sa chás inar bronnadh an díolúine faoi Imlitir M10/94 ón Roinn Oideachais agus Scileanna, agus sa chás sin amháin).

Déanfar iarratais ar dhíolúine ón nGaeilge a mheas ó na hiarrthóirí seo a leanas freisin:

### (iv) Iarrthóirí nach bhfuil Teastas Díolúine ón Roinn Oideachais agus Scileanna faighte acu (féach (iii) thuas) ach a bhfuil dearbhú acu ó síceolaí gairme ina leith go bhfuil Sain-Mhíchumas Foghlama orthu a théann i gcion ar bhunscileanna teanga sa mháthairtheanga (.i. riocht disléicse atá ina chúis le díolúine).

Caithfidh iarrthóirí sa staid seo na nithe seo a leanas a sheoladh chuig OÉ:

- Foirm Iarratais ar Dhíolúine chomhlánaithe (líon isteach Roinn A agus faigh Roinn E líonta agus sínithe ag Príomhoide/Ceann do scoile) chomh maith le
- Foirm Dhearbhuithe sínithe ag síceolaí gairme (ar fáil ó OÉ) agus
- tuairisc an tsiceolaithe.

Ba chóir a thabhairt faoi deara nár chóir do thuairiscí siceolaithe ag dearbhú míchumais foghlama teanga a bheith níos sine ná trí bliana d'aois .i.e nuair a dhéanann iarrthóirí iarratas le linn na bliana acadúla 2020/2021, níor chóir go mbeadh dáta níos luaithe ná 1 Meán Fómhair, 2017 ar na tuairiscí. Féach freisin ar an nóta ag 6.2.

I gcoitinne bíonn cinntí OÉ maidir le díolúintí ó Ghailege/Tríú Teanga a bhronnadh faoi thionchar ag na critéir leasaithe ón Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le díolúine a thabhairt ó staidéar na Gaeilge, go háirithe é seo a leanas:

Ag am an iarratais go léireofaí Scór Caighdeánaithe ar thriail scoite sa Leitheoireacht Focail nó sa Tuiscint Léitheoireachta nó sa Litriú ag an **10ú peircintíl** nó faoina bhun agus treoirlínte ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit do Chóiríocht Réasúnta i Scrúduithe (Reasonable Accommodations in Examinations – RACE).

Bronnfar díolúine ó riachtanas na Tríú Teanga freisin ar iarrthóirí a mbronntar díolúine ón nGaeilge orthu faoi réir (iii) nó (iv) thuas.

Nuair atá sé i gceist ag an iarrthóir teanga eile (seachas an Béarla) a chur ar aghaidh mar ábhar Ardteistiméireachta, ní mór an bunús atá leis an teanga eile a chur ar aghaidh, agus díolúine á lorg ón nGaeilge ar bhonn míchumais foghlama a théann i gcion ar scileanna teanga, a leagan amach go soiléir in éineacht leis an iarratas ar dhíolúine.

## 5.4 Ba chóir na pointí seo a leanas a mheabhrú:

- Déantar iarratais ar dhíolúintí a mheas ar bhonn aonair a mheas ar bhonn aonair agus is féidir iad a chur faoi bhráid na hOllscoile ag am ar bith i ndiaidh an Teastas Sóisearach a chríochnú

- Tá Foirmeacha Iarratais ar Dhíolúine agus Foirmeacha Dearbhaithe (féach (iv) thuas) ar fáil ó Ollscoil na hÉireann, 49 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2 (fón. 01 4392424), nó is féidir iad a íoslódáil ó http://www.nui.ie/college/entry-requirements.asp

- Is féidir le hiarrthóirí a bhfuil díolúine ón nGaeilge acu a thairiscint, mar séú ábhar, aon ábhar eile atá inghlactha do chúiseanna Clárúcháin Máithreánaigh.

- Ní hionainn na critéirí chun díolúine a bhronnadh ó riachtanais Gaeilge agus/nó Tríú Teanga OÉ agus iad siúd atá ann don Bhealach Rochtana Míchumais ar an Oideachas (DARE). Mar sin, ní chiallaíonn bronnadh díolúine OÉ go bhfuil mac léinn inchailithe uaidh féin faoi DARE

- Ní chiallaíonn iarratas ar dhíolúine teanga OÉ go bhfuil iarratas déanta ar DARE; ní mór iarratas ar DARE a dhéanamh tríd an Lár-Oifig Iontrála (CAO)

- Is féidir le hiarrthóirí a rugadh lasmuigh de Phoblacht na hÉireann (26 contae), nó atá cáilithe faoi 5.3 (ii) thuas, agus a bhfuil díolúine ón nGaeilge bronnta orthu, an Ghaeilge a thairiscint mar ábhar don Máithreánach mar sin féin, mar shásamh ar an riachtanas go gcaithfear teanga nach í an teanga Béarla a thairiscint. (Baineann an fhoráil seo le mic léinn ó Thuaisceart Éireann, agus le mic léinn eile ó lasmuigh d'Éirinn a thairgeann Gaeilge mar ábhar Ardteistiméireachta, GCE nó GCSE.)

  **Tá sé riachtanach d'iarrthóirí a bhfuil sé i gceist acu an Ghaeilge a úsáid don chúis seo dul i dteagmháil le OÉ sa chaoi is gur féidir a stádas, maidir le riachtanais teanga a chomhlíonadh, a chlárú.**

- Sásóidh iarrthóirí a thairgeann teastas seachas an Teastas Ardteistiméireachta do mhaithreánach, mar shampla an Dioplóma Idirnáisiúnta nó Baccalauréat na Fraince, agus a fuair bunoideachas agus iarbhunoideachas i bPoblacht na hÉireann (26 contae), riachtanas na Gaeilge tré phas (Grád O7 ag an nGnáthleibhéal ar a laghad) Ghaeilge san Ardteistiméireacht nó tré Leibhéal B1 i dTeastas Eorpach na Gaeilge a thairiscint.

- Tá eolas ar Mháithreánach do mhic léinn lagéisteacha ar fáil i Roinn 8.

# 6. Riachtanas na Tríú Teanga

## 6.1 An Tríú Teanga

Leagann Roinn 4.1 ná Dáimh/Coláistí ina bhfuil gá i gcoitinne le Tríú Teanga, chomh maith le Gaeilge agus Béarla, don mháithreánach. Tá na teangacha uile atá ar fáil don Ardteistiméireacht agus teangacha uile an AE inghlactha chuige seo.Moltar do mhic léinn féachaint ar shuíomhanna gréasáin oifigí iontrála na ninstitiúidí OÉ (liostáilte ar lch. 4) le cinntiú má tá nó mura bhfuil tríú teanga ag teastáil chun dul isteach ar an gcúrsa/ar na cúrsaí dá rogha.Féach freisin 6.3.

(i) Is féidir le mic léinn a rugadh nó ar cuireadh oideachas orthu lasmuigh d'Éirinn an Ghaeilge a thairiscint mar ábhar Máithreánaigh chun riachtanas na Tríú Teanga a chomhlíonadh. (Féach Roinn 5.4). Baineann an fhoráil seo le mic léinn ó Thuaisceart Éireann, agus freisin do mhic léinn eile a rugadh nó ar cuireadh oideachas orthu lasmuigh d'Éirinn agus a thairgeann Gaeilge mar ábhar Ardteistiméireachta, GCE nó GCSE

(ii) Mic léinn faoi lagú éisteachta (Féach Roinn 8).

## 6.2 Mic léinn i Riochtaí Disléicse

Maidir le mic léinn a mbronntar díolúine ón nGaeilge orthu ar bhonn sain-mhíchumais foghlama, bronntar díolúine orthu ón tríú teanga. Déanfaidh OÉ measúnú ar iarratais a lorgaíonn díolúine ó Riachtanas na Tríú Teanga amháin ó mhic léinn a bhfuil dearbhú ó síceolaí gairme acu ina leith go bhfuil Sain-Mhíchumas Foghlama orthu a théann i gcion ar bunscileanna teanga sa mháthairtheanga (.i. riocht tromchúiseach disléicse atá ina chúis le díolúine). Déantar iarratais dá leithéid a mheas ar bhonn aonair, ar an gcaoi chéanna le díolúintí ón nGaeilge, agus is féidir iad a chur faoi bhráid na hOllscoile am ar bith tar éis an Teastas Sóisearach a chríochnú. Ní mór d'iarrthóirí na nithe seo a leanas a sheoladh chuig OÉ:

- Foirm Iarratais ar Dhíolúine chomhlánaithe (líon isteach Roinn A agus faigh Roinn E líonta agus sínithe ag Príomhoide/Ceann do scoile) chomh maith le
- Foirm Dhearbhuithe OÉ sínithe ag síceolaí gairme agus
- tuairisc an tsiceolaithe.

Tá Foirmeacha Iarratais ar Dhíolúine agus Foirmeacha Dearbhaithe OÉ ar fáil ó Ollscoil na hÉireann, 49 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2 (fón. 01 4392424), nó is féidir iad a íoslódáil ó http://www.nui.ie/college/entry-requirements.asp.

Féach freisin 5.3 (iii) agus (iv) thuas maidir leis an nGaeilge. Bronnfar díolúine ó riachtanas na Tríú Teanga freisin ar iarrthóirí a mbronntar díolúine ón nGaeilge orthu faoi réir na bhforálacha seo.

**Nota:** Chuaigh an Cumann um Rochtain Ardoideachais agus Míchumais (AHEAD) i bhfeidhm ar OÉ agus an sainmhíniú seo thíos ar dhisléicse á ghlacadh:

> *Tá an disléicse ar cheann de mhíchumais foghlama éagsúla. Is easláinte ar leith teanga-bhunaithe é le bunús coimpléascach agus is iad na saintréithe atá aige ná deacrachtaí le focail aonair a dhíchódú, de ghnáth mar thoradh ar easpa sa phróiseáil fhóneolaíoch.*
>
> *Go minic ní bhítear ag súil leis na deacrachtaí seo le focail aonair a dhíchódú i gcomhthéacs aoise agus cumais eile cognaíocha; ní tharlaíonn siad mar thoradh ar mhíchumas ginearálta forbartha nó lagú aireachtála.*
>
> *Léirítear disléicse le deacrachtaí athraitheacha maidir le foirmeacha éagsúla teanga, agus go minic,i dteannta le fadhbanna léitheoireachta, bíonn fadhb shuntasach le cumas a bhaint amach i scríobh agus litriú.*

I gcoitinne bíonn cinntí OÉ maidir le díolúintí ó Ghaeilge/Tríú Teanga a bhronnadh faoi thionchar ag na critéir leasaithe ón Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le díolúine a thabhairt ó staidéar na Gaeilge, go háirithe é seo a leanas:

Ag am an iarratais go léireofaí Scór Caighdeánaithe ar thriail scoite sa Leitheoireacht Focail nó sa Tuiscint Léitheoireachta nó sa Litriú ag an **10ú peircintíl** nó faoina bhun agus treoirlínte ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit do Chóiríocht Réasúnta i Scrúduithe (Reasonable Accommodations in Examinations – RACE).

Ba chóir go mbeadh a fhios ag mic léinn nach hionainn na critéirí chun díolúine a bhronnadh ó riachtanais na Tríú Teanga OÉ agus iad siúd atá ann don Bhealach Rochtana Míchumais ar an Oideachas (DARE). Ní chiallaíonn bronnadh díolúine OÉ go bhfuil mac léinn inchailithe uaidh féin faoi DARE. Ní mór iarratas ar DARE a dhéanamh tríd an Lár-Oifig Iontrála (CAO).

## 6.3 Mic léinn ó lasmuigh den Aontas Eorpach ag tairiscint na hArdteistiméireachta

Tá na socruithe speisialta seo a leanas i bhfeidhm maidir le mic léinn ó thíortha lasmuigh den Aontas Eorpach nach é an Béarla a gcéad teanga agus a thairgeann an Ardteistiméireacht do chúiseanna Máithreánaigh. Go ginearálta, beidh ar iarrthóirí dá leithéid teanga eile seachas an Béarla a thairiscint don Mháithreánach. Is féidir le hiarrthóirí sa chás seo teanga san Ardteistiméireacht nó deimhniú roghnach i dteanga, atá inghlactha don Ollscoil. Mar shampla, glacfar le scrúduithe i dteangacha, nach teangacha de chuid an Aontais Eorpaigh iad, atá ar fáil ag leibhéil GCE/GCSE mar shásamh ar an riachtanas teanga seo. Sna cúinsí seo, tá cead ag iarrthóirí torthaí na hArdteistiméireachta a mheascadh le toradh na teanga sa GCE/GCSE do chúiseanna máithreánaigh. I gcás scrúduithe eile seachas GCE/GCSE, déanann an Ollscoil iarratais a mheas ar bhonn aonair. Ní mór d'iarrthóirí teastais bhunaidh a sholáthar, nó cóipeanna dearbhaithe ag údarás ábhartha.

**Bá chóir a mheabhrú i ngach cás go gcaithfidh mic léinn sé ábhar Ardteistiméireachta a thairiscint. Chomh maith le dul I dteagmháil le OÉ, ba chóir d'iarrthóirí atá ag iarraidh scrúdú teanga eile a mheascadh leis an Ardteistiméireacht fógra a thabhairt do na hOifigí Iontrála ábhartha lena n-uimhir iarratais.**

# 7. Riachtanas an Bhéarla áit nach é an Béarla an Chéad Teanga

Ní mór d'iarrthóirí uile riachtanas an Bhéarla a shásamh. Ní mór d'iarrthóirí nach é an Béarla an chéad teanga acu agus a bhfuil an Ardteistiméireacht á cur i láthair acu grád H7/O6 a fháil (nó D3 sa Bhéarla roimh 2017). Is féidir le hiarrthóirí a bhfuil cáilíochtaí eile á dtairiscint acu an riachtanas a shásamh trí cheann ar bith díobh seo a leanas:

## 7.1 Teastas OÉ in Staidéar sa Teanga Béarla

(á bhronnadh faoi láthair ag Coláiste Ósta na Sionainne).

## 7.2 Ollscoil Bhaile Átha Cliath (Coláiste na Tríonóide)

Cumadóireacht Bhéarla (ní Litríocht an Bhéarla) ag Leibhéal Pas nó níos airde.

## 7.3 Boird/Eagrais Scrúdúcháin Ríocht Aontaithe

- Teanga Béarla GCE O Leibhéal ag Grád C nó níos airde
- Teanga Béarla GCSE ag Grád C nó níos airde
- Litríocht an Bhéarla GCSE ag Grád C nó níos airde

An caighdeán seo a leanas i scrúduithe sa Teanga Béarla tugtha ag Boird Scrúdúcháin áirithe – ceann ar bith de:

- Assessments and Qualifications Alliance (AQA) C nó níos airde
- Oxford, Cambridge and RSA Examinations (OCR) C nó níos airde
- Edexcel Foundation C nó níos airde
- University of Cambridge Advanced Certificate, Grád B nó níos airde (CEFR Leibhéal C1 nó C2)
- University of Cambridge Proficiency Certificate, Grád C nó níos airde (CEFR Leibhéal C1 nó C2)

- International English Language Testing System (IELTS) Patrúin Tástála A agus B, le meánscór de 6.5 thar na codanna ar fad, le 6.0 ar a laghad i ngach banda
- University of Cambridge Local Examination Syndicate (UCLES) le Béarla ag Grád C nó níos airde [English as a Foreign Language (Higher Paper) an Oxford Examining Body san áireamh]

De ghnáth, glactar leis go ndéanfaidh iarrthóirí, a bhfuil Ardteistiméireacht na hÉireann á cur i láthair acu, an Béarla mar chuid dá gclár scrúduithe. Ba chóir d'iarrthóirí nach é an Béarla an chéad teanga acu, agus atá ag iarraidh rogha cruthúnais ar an mBéarla a úsáid, dul i dteagmháil leis an Oifig Iontrála chuí.

## 7.4 Scrúdú an Mháithreánaigh i dTíortha AE

Scrúduithe Máithreánaigh ó thíortha de chuid an Aontais Eorpaigh áit a thairgtear Béarla mar ábhar agus baintear amach leibhéal inghlactha.

Nuair a chuirtear triail inniúlachta sa Bhéarla, atá scóráilte ar an gComhchreat Tagartha Eorpach (CEFR), i láthair mar chuid de cháilíocht fágála scoile, ní mór grád C1 nó C2 a bheith ann.

## 7.5 Hong Kong Education Examination Authorities

- Hong Kong Certificate of Education, English Language Syllabus B: Grád C nó níos fearr.
- Hong Kong Examination Authority, Advanced Level Use of English: Grád C nó níos fearr.

## 7.6 Sri Lankan National Certificate in English:

Leibhéal Pas nó níos fearr

## 7.7 Scrúduithe eile i dteanga an Bhéarla

### (i) Test of English as a Foreign Language (TOEFL)

Scór íosta de 600 (250 do thrialacha bunaithe ar ríomhair, 90 do thrialacha bunaithe ar an idirlíon) sa Test of English as a Foreign Language (TOEFL) á riar ag Ollscoil Princeton, le tástáil Béarla scríofa ag 475+.

### (ii) Pearson VUE – Pearson Test of English (Academic) – PTE Academic

Scór iomlán de 63 gan aon chuid faoi 59 an riachtanas is lú.
(Ní ghlachann Coláiste na hOllscoile Corcaigh leis seo faoi láthair).

### (iii) English Test for Academic and Professional Purposes (ETAPP)

Grád C1 nó níos airde (CEFR Leibhéal C1 nó C2)

**Ba chóir a mheabhrú gurb iad seo na riachtanais íosta sa Bhéarla agus gur féidir go mbeadh riachtanais níos airde leagtha síos ag Dámha/Coláistí.**

## 8. Máithreánach d'Iarrthóirí faoi Lagú Éisteachta agus d'Iarrthóirí faoi Mhíchumais eile

Is féidir le mic léinn a dtugann údarás cuí gairmiúil deimhniú don Ollscoil ina leith go bhfuil lagú tromchúiseach éisteachta orthu nó míchumas tromchúiseach eile a théann i gcion ar fhoghlaim teanga máithreánach a bhaint amach i sé ábhar mar seo a leanas:

- Gaeilge nó Béarla
- Aon chúig ábhar eile atá inghlactha do chúiseanna Clárúcháin Máithreánaigh ar an gcoinníoll go sásaítear riachtanais dáimhe seachas sin.

## 9. Máithreánach ar Bhlianta Aibí

Is féidir le mic léinn aibí (i.e. mic léinn atá 23 bliain d'aois ar an 1 Eanáir sa bhliain féilire iontrála) máithreánach a fháil ón Ollscoil ar mholadh Chomhairle Acadúil de Chomh-Ollscoil, Coláiste Aitheanta nó Coláiste ceangailte le Comh-Ollscoil chun dul isteach ar chúrsa staidéir, sa Chomh-Ollscoil, Coláiste Aitheanta nó Coláiste ceangailte le Comh-Ollscoil sin, a bhfuil céim de chuid na hOllscoile mar thoradh air. I gcás chúrsaí páirtaimseartha, is féidir máithreánach a thabhairt do mhic léinn 21 bliain d'aois. Moltar do mhic léinn na leabhráin eolais cuí de chuid na Comh-Ollscoile, Coláiste Aitheanta nó Coláiste ceangailte le Comh-Ollscoil a léamh do bhreis eolais a bhaineann le Clárúchán Máithreánaigh ar bhonn na mblianta aibí.

## 10. Máithreánach ar Chríochnú Chúrsa Rochtana OÉ

Ar mholadh ó Uachtarán Chomh-Ollscoile, Coláiste Aitheanta nó Coláiste ceangailte le Comh-Ollscoil, is féidir leis an Ollscoil máithreánach a thabhairt do mhic léinn a chríochnaigh go sásúil Cúrsa Rochtana Faofa i gComh-Ollscoil, Coláiste Aitheanta nó Coláiste ceangailte le Comh-Ollscoil, nó a théann isteach san Ollscoil tré Chlár Faofa Rochtana/Boinn. Moltar do mhic léinn dul i gcomhairle leis an gComh-Ollscoil, Coláiste Aitheanta nó Coláiste ceangailte le Comh-Ollscoil chuí do thuilleadh eolais maidir le Clárúchán Máithreánaigh ar chríochnú sásúil de Chúrsa Rochtana Faofa nó Clár Faofa Rochtana/Boinn.

## 11. Máithreánach do Shealbhóirí Cháilíochtaí Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)

(i) Tabharfar Máithreánach do shealbhóirí cháilíochtaí ag leibhéal 6 agus níos airde den Chreatlach Náisiúnta de Cháilíochtaí bronnta ag HETAC nó cáilíochtaí inchurtha NCEA.

(ii) Tabharfar Máithreánach do shealbhóirí dhámhachtainí FETAC (NCVA) Leibhéal 5 nó Leibhéal 6 le Gradaim i gcúig mhodúil, d'iontráil do chúrsaí céime i réimsí gaolmhara.

(Ba chóir do mhic léinn ar mian leo Clárúchán Máithreánaigh a chur i gcrích bunaithe ar thorthaí na ndámhachtainí FETAC (NCVA) Leibhéal 5 nó Leibhéal 6 teagmháil a dhéanamh, ar an gcéad dul síos, le hOifig Iontrála na Comh-Ollscoile, Coláiste Aitheanta nó Coláiste ceangailte le Comh-Ollscoil ar mian leo dul isteach ann).

## 12. Eolas don Lár-Oifig Iontrála (CAO)

Cuirfidh OÉ an Lár-Oifig Iontrála ar an eolas faoi dhíolúintí a bhfonnfaidh an Ollscoil do chúiseanna Clárúcháin Máithreánachta. Ní dhéanfaidh an Lár-Oifig Iontrála an fhaisnéis seo a phróiseáil go dtí i ndiaidh an dáta deiridh d'iarratais (1 Feabhra i mbliain Iarratais). Mar sin féin, cé go bhfuil OÉ sásta cuidiú le scoláirí trí CAO a chur ar an eolas faoi dhíolúintí a bhronnfar, tá sé de fhreagracht ar na scoláirí a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis seo taifeadta i gceart ar an Ráiteas ar Thaifead Iarratais a fhaigheann scoláirí ón mBealtaine/Meitheamh (nó an Ráiteas leasaithe, sa chás ina bhfuil an díolúine bronnta ag OÉ i ndiaidh don CAO an bun-Ráiteas a eisiúint). I gcás díolúintí a bhronnann OÉ ar iarrthóirí sula mbíonn uimhreacha CAO ar fáil, ní mór d'iarrthóirí Ollscoill na hÉireann a chur ar an eolas faoina n-uimhreacha CAO nuair a bheidh siad seo ar eolas.

Nóta: Cé go nglacfaidh OÉ le hiarrtais ar dhíolúintí am ar bith, moltar d'iarrthóirí iarratas luath a dhéanamh. Ba chóir go mbeadh scoláirí ar an eolas, má dhéanann siad iarratas ar dhíolúintí i ndiaidh 31 Iúil in aon bhliain, go mb'fhéidir go mbeidh sé seo ró-dhéanamh dóibh le bheith incháilithe ar thairiscint ón CAO sa bhliain sin.

**Ollscoil na hÉireann**
National University of Ireland

**OLLSCOIL NA HÉIREANN**
49 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, D02 V583

**NATIONAL UNIVERSITY OF IRELAND**
49 Merrion Square, Dublin 2, D02 V583

**TEIL / TEL** +353 1 439 2424

**FACS / FAX** +353 1 439 2466

**RPHOST / EMAIL** registrar@nui.ie

**www.nui.ie**